

Céard is geolaí ann?

Déanann geolaithe staidéar ar an Domhan agus ar an gcaoi ar cruthaíodh é. D'fhéadfaidís breathnú ar an dromchla nó go domhain faoin talamh.



Seo í Kirstin Lemon. Oibríonn sí ag Suirbhéireacht Gheolaíochta Thuaisceart Éireann. Cabhraíonn sí leis an bpobal tuiscint a fháil ar charraigeacha agus ar thírdhreach Thuaisceart Éireann.

Déanann roinnt geolaithe staidéar ar bhlocáin. Déanann geolaithe eile staidéar ar chreathanna talún. Oibríonn geolaithe in go leor tionscail dhifriúla, ar nós:

- ▶ mianadóireacht agus cairéalú
- ▶ innealtóireacht
- ▶ ola agus peitрилiam
- ▶ cosaint an chomhshaoil.

An Phríomhfhoghlaim agus Scileanna Eolaíochta:

- ▶ Fiosracht faoin domhan mórthimpeall orthu.
- ▶ Breathnú agus taifeadadh a dhéanamh go cúramach ar a dtorthaí.

Ar mhaith leat do chuid foghlama faoi charraigeacha agus ithreacha a úsáid nuair a bheid tú níos sine? B'fhéidir gur mhaith leat a bheith i do gheolaí nó i do phailé-ointeolaí? An bhfuil poist eile ann ina n-úsáidtear foghlaim faoi charraigeacha agus ithreacha?

Carraigeacha agus ithreacha

Céard is eolaí ithreach ann?

Déanann eolaí ithreach staidéar ar ithir.



Seo é Sahil. Is eolaí ithreach é. Rinne sé staidéar ar an gcaoi a gcabhraíonn plandaí difriúla le hithreacha a fheabhsú i dtíortha tirime.

Bíonn sé sin tábhachtach in go leor tionscal, ar nós:

- ▶ feirmeoireacht
- ▶ cosaint an chomhshaoil
- ▶ tógáil agus tírdhreachú.

An Phríomhfhoghlaim agus Scileanna Eolaíochta:

- ▶ Spéis sa domhan nádúrtha.
- ▶ Tástálacha simplí a dhéanamh chun foghlaim faoi chineálacha ithreacha agus a n-úsáidí.

Céard is pailé-ointeolaí ann?

Déanann pailé-ointeolaí staidéar ar iontaisí (iontaisí dineasár ina measc!) chun foghlaim faoi stair na beatha ar Domhan.



Seo é Xu Xing. Is pailé-ointeolaí é. D'ainmnigh sé níos mó dineasár ná aon phailé-ointeolaí beo eile.

Oibríonn pailé-ointeolaithe in áiteanna difriúla, ina measc:

- ▶ iarsmalanna
- ▶ ollscoileanna
- ▶ taobh amuigh ag tochailt iontaisí.

An Phríomhfhoghlaim agus Scileanna Eolaíochta:

- ▶ Úsáid chúramach a bhaint as uirlisí chun iontaisí a aimsiú agus a nochtadh.
- ▶ Breathnú go cúramach ar iontaisí.
- ▶ Sórtáil agus grúpáil chun cinneadh a dhéanamh cén iontaise ar a bhfuil siad ag breathnú.